

Amhráin Nollag



Clár

Oíche chiúin, Oíche Mhic Dé	4
(Silent Night)	4
Aingil chualamar As Ard	5
(Angles we have heard on high)	5
Taraigí a phobail	5
(O Come All Ye Faithful)	6
An Chéad Nollaig Mhór	7
(The First Noel)	7
Don oíche úd i mBeithil	8
A Bhaile Bheag Na Beithile	9
(On Little Town of Bethlehem)	9
Sa Stábla sa Mháinséar	10
(Away in a Manger)	10
Aoibhneas Don Domhan	11
(Joy to the World)	11
Maisigh na Hallaí	12
(Deck the halls with boughs of holly)	12
Rudolf an Réinfhia Álainn	13
(Rudolf the red nosed reindeer)	13
San Nioclás	14
(Jingle Bells)	14
An Drumadóir	15
(The Little Drummer Boy)	15
Teacht an Tiarna	16
Tá Daidí na Nollaig ag teacht	17

(Santa Claus is coming to town).....	17
Carúl na Nollag.....	18
Éist le Glórtha.....	19
Éistigí go léir.....	20
A Naíonán Rí.....	21
(O Little Town of Bethlehem).....	21
Ó Oíche Mhór.....	22
(O Holy Night).....	22
Veni Emmanúél.....	23
(O Come O Come Emmanuel).....	23
Carúl Inis Córthaidh.....	24
(Wexford Carol).....	24
Dha Lá Deag na Nollag.....	25
(12 Days of Christmas).....	25
Leanbán Mhuire Íosa.....	26
(Mary's Boy Child)	

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé
(Silent Night)

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Cách 'na suan, dís araon,
Dís is dílse ag faire le spéis,
Naí beag gnaoi-gheal ceananntais caomh
Críost ina chodladh go séimh,
Críost ina chodladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Aoirí ar dtús chuala an scéal,
"Aililiú ia" aingil ag glaoch
Cantain suairc i ngar is i gcéin
Críost ár Slánaitheoir féin,
Críost ár Slánaitheoir féin.

Douce nuit, Sainte nuit
Dans les cieux, l'astre luit
Le mystère annoncé s'accomplit
Cet enfant sur la paille endormi
C'est l'amour infini
C'est l'amour infini.



Aingil chualamar As Ard
(Angles we have heard on high)

Aingil chualamar as ard
Ag ceol go haoibhinn ar fud na mbán
Agus na beanna ag taobhú leo
Le macalla suairc a ndán

Curfá: Gloria in excelsis Deo,
Gloria in excelsis Deo.

Tuige, Aoirí , bhur lúcháir?
Cad fé ndear bhur ngliondar buan
Nochtaigh dúinn an scéala láir
Tá mar spreagadh le bhur nduan.



Taraigí a phobail
(O Come All Ye Faithful)

A Chairde is dílse taraigí go haerach,
Ó taraigí, taraigí go Bethlehem.
Féach insan stábla
Rí na n-aingeal glórmhar.
Céad moladh 's glóir don Tiarna, (x 3)
Críost Mac Dé.

Mac Dé go fíor é,
Solas mór an tsaoil é,
Rugadh i mbroinn ró-ghlan na Maighdine
Mac Dé go fíor é, gineadh is nach ndearnadh.
Céad moladh 's glóir don Tiarna, (x 3)
Críost Mac Dé.

Oh! Come all ye faithful,
Joyful and triumphant.
Oh! Come ye, oh come ye to Bethlehem.
Come and behold Him, born the king of angels.
Oh come let us adore Him, (x 3)
Christ the Lord.

Adeste fideles,
Laeti triumphantes,
Venite venite in Bethlehem.
Natum videte, regum Angelorum
Venite adoremus, venite adoremus,
Venite adoremus dominum.

An Chéad Nollaig Mhór (The First Noel)

An chéad Noel, dúirt aingeal Dé,
Le tréadaithe bochta amuigh ar an sliabh.
Amuigh ar an sliabh
ar uair an mhéan oích',
Meán oíche fuar geimhridh
sa sneachta 'na luí.
Noel, Noel, Noel, Noel;
rugadh daoibh Rí ar Iosrael.

Do sheas an réalta
sna spéartha thuas,
Ar bhaile beag Bethlehem,
d'amharc sé anuas;
Ansiúd go sámh, sa mhainséar ina luí,
Le Muire 's Iosaf bhí Críost an Rí.
Noel, Noel, Noel, Noel;
rugadh daoibh Rí ar Iosrael.



Don oíche úd i mBeithil

Don oíche úd i mBeithil,
beidh tagairt faoi ghréin go brách
Don oíche úd i mBeithil,
go dtáinig an Bréithear slán.
Tá gríosghrua ar spéarthaibh,
's an talamh 'na chlúdach bán
Féach Íosagán sa chléibhín,
's an Mhaighdean Á dhiúl le grá.

Ar leacain loim an tsléibhe,
go nglacann na haoirí scáth
Nuair in oscailt ghil na spéire,
tá teachtaire Dé ar fáil.
Céad glóire 'nois don Athair,
i bhFlaitheasaibh thuas go hard
Is feasta fós ar talamh,
d'fhearaibh, dea-mhéin síocháin.



A Bhaile Bheag Na Beithile
(Oh Little Town of Bethlehem)

A bhaile bheag na Beithile,
Nach sítheach thú id luí.
Os cionn do shuain gan taibhreamh suthain,
Imíonn na réalta thart gan scíth.
Ach ar do shráideanna dorcha soilsíonn
Síor-sholas buan gan locht,
Cúis dóchais is uamhain iliomad bliain,
Chun críche ionat anocht.

O petite ville de Bethlehem
Combien tu es tranquille
Pendant que toute la ville dort,
Les belles étoiles filent
Mais dans tes reues obscures,
Une grande lumière luit
Tous nos espoirs sont accomplis,
En toi ce soir beni.



Sa Stábla sa Mháinséar
(Away in a Manger)

Sa stábla sa mháinséar
tá naíonán ina luí,
An naíonán beag Íosa bheas
fós linn mar Rí;
Na réaltaí ag soilsíú go hard
ins an spéir,
An leanbh beag Íosa ina luí ins an fhéar.

Tá ciúnas mór-thimpeall,
tá draíocht san aer,
Tá aoibhneas 's áthas ar
an domhan go léir.
Tá ainglí na bhflaitheas ag
Síor-mholadh Dé,
Ard-mholadh d'Íosa, Don leanbh beag glé.

Bí linne, a Íosa, bí linne go deo.
Bí linne san oíche,
bí linne sa ló;
Tabhair grá do do pháistí,
tabhair grá dúinn de shíor,
Agus bímis uilig dílis, bímis dílis de shíor.



Aoibhneas Don Domhan

(Joy to the World)

Aoibhneas don domhan,
tá'n Tiarna linn,
Fáiltígí roimh an Rí,
Ullmhaígí bhur gcroí,
socraígí bhur n-anam,
Na flaithis líonta le ceol, (x2),
Na flaithis, na flaithis geal líonta le ceol.

Glóir do Dhia,
an Rí i bhfeidhm,
Ó canaigí go hard,
Na habhainn, na goirt,
na sléibhte, na cnoic is coillte,
Ag fógairt bhreith an Rí (x2),
Ag fógairt, ag fógairt bhreith an Rí.

Aoibhneas don domhan,
tá'n Tiarna linn,
Fáiltígí roimh an Rí,
Ullmhaígí bhur gcroí,
socraígí bhur n-anam,
Na flaithis líonta le ceol (x2),
Na flaithis geal líonta le ceol.

Maisigh na Hallaí

(Deck the halls with boughs of holly)

Maisigh na hallaí le cuileann

Fa la la la la, la la, la

Seo an t-am bheith meidhreach aerach

Fa la la la la, la la la la

Gléasta ‘nois in éadaí gleoite

Fa la la la la, la la la la

Can an seancheol Nollag

Fa la la la la, la la la la

Féach tine na Nollag romhainn

Fa la la la la, la la la la

Seinn an chláirseach can curfá

Fa la la la la, la la la la

Bí liom le gach focal

Fa la la la la, la la la la

Ag insint aoibhneas na Nollag

Fa la la la la, la la la la

Deireadh bliana ag imeacht

Fa la la la la, la la la la

Fáiltigh athbhliain gach aon duine

Fa la la la la, la la la la

Canamís go háthasach

Fa la la la la, la la la la

Gan aird ar ghaoth nó aimsir

Fa la la la la, la la la la

Rudolf an Réinfhia Álainn
(**Rudolf the red nosed reindeer**)

Rudolf an Réinfhia álainn
Snas geal ar dhearg-shrón.
Agus dá bhfeicfeá riamh é
Déarfá féin go raibh sé 'breá

Ach na réinfhia dána
'Magadh is ag gáire faoi,
Ní ligfidís do Rudolf
Bheith ag déanamh spóirt nó spraoi.

Ansin Oíche Nollag féin
Tháinig San Nioclás:
“Tar anseo, a Rudolf bhoicht,
Tarraing mo Shleamhnán anocht”

Léim gach Réinfhia eile,
Is chanadar go léir le grá
“Rudolf an Réinfhia álainn,
Ní dhéanfar dearmad ort go brách.”



San Nioclás
(Jingle Bells)

San Nioclás, San Nioclás, fáilte romhat inniu (X4)

Nó

Cloigíní, cloigíní, cloigíní sa spéir
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht
Anuas an simléar
Ó bualadh bos, bualadh bos, bualadh bos go léir
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht anuas an simléar.

An domhan faoi bhrat bán
sinne ar shleamhnán
Lán de sport 's greann
Sciarradh thar na ngleann,

Cloigíní ag déanamh ceoil
Áthas ar gach croí,
Ó nach deas an saol againn
Canadh insan oích'.



An Drumadóir
(The Little Drummer Boy)

Beir leat do dhroma,
A dúirt siad liomsa,
Tá féirín deas againn,
Le tabhairt do Rí an domhain,
Mé is mo dhrum’.

A Íosa bhig sa tuí,
Is tú mo Dhia ’s mo Rí,
Is tú thug gach rud dom,
Mo lámha ‘s mo dhrum,
Mé’s mo dhrum’.

Buailim duitse é,
A Íosa álainn ghlé,
‘s tú cara mór mo chroí,
A Íosa, ‘Naíonán, ’Rí,
Mé’s mo dhrum’.



Teacht an Tiarna

Thug sí chun an tsaoil slánaitheoir an chine daonna
Ina lúí i mainséar eadar damh ‘gus bó
Ag umhlugadh, ‘s ag déanamh teasa Dó
Ó fhuacht fheanntach mhór na hoíche

D’iompair sí É ina broinn trí ráithe
‘S an oíche dheireanach gan bhean don bhreith
Chan i gcaisleán gléigeal mar a seinneann éanlaith
Ach i mainséar na n-asal caol-dubh cúng

Mealladh i dtreo ár Slánaitheoir séimh coir
Thug an chéad draoi teibeadh miorr
Níor lú dá ndearna an dá dhraoi fir
Thug Dó fraincincense is ualach óir

Shiúil sí sléibhte fá bhrón ‘s fá léan leis
Ag seachnadh Herod ‘s í lag gan lúth
Ach anocht fá shuaimhneas tig a ghrá dlúth
Chuig nead s’ againne fhéin, Mac Dé dílis.

Tá Daidí na Nollaig ag teacht
(Santa Claus is coming to town)

Curfá:

Ó bígí go maith go hiontach gach lá,
Téigí a chodladh tá ‘fhios agaibh, cén fáth
Tá Daidí na Nollaig ag teacht go luath.

Tá liosta aige déanta faoi dhó,
Is faigheann sé amach cé,
‘bhíonn dána gan stró,
Tá Daidí na Nollaig ag teacht go luath.

Bíonn sé ag féachaint ortsa,
Ag éisteacht leat gach lá,
Is muna mbíonn tú dána,
Beidh gach aon rud go breá.

Le teidí beag buí, Le trumpa is drum,
Le rúit-ti túit-túit, Is a rumaí-tum-tum,
Tá Daidí na Nollaig ag teacht go luath.




Carúl na Nollag

Dia do bheatha a Naí anocht
A rugadh ins' stábla bocht
Go ciúin gan chaor ad' luascadh a luí
Tá do mháithrín le do thaobh sa

Anseo 'na luí sa mhainséirín
I gcro cúng an asailín
Gean is grá ó Bheithlín
Cuir síocháin i gcroí gach éinne.

Na haingle ins na Flaithis thuas
Na haoirí a' triall ó shliabh anuas
A 'neosadh dúinn gur rugadh Críost
'Tabhairt féirín uainn go léir dhuit.



Éist le Glórtha

Éist le glórtha páistí glé,
'S Nollaig shona díbh go léir,
Féach sa stábla ina luí,
Ó Íosa Críost Aon-mhac Dé.

Féach an Mhaighdean mhánla chiúin,
'S í a chealagú 'n suain,
Iosaf Naofa 'n Duine cóir,
Ag taispéaint omóis 's onóir.

Tréadaithe isteach ón sliabh,
Ar a nglúine ag a thaobh,
Ríthe ansin i bhfad i gcéin,
Le adhradh 'thabhairt d'Aon-mhac Dé.



Éistigí go léir

Éistigh, éistigí go léir,
Le ceolta binn sna spéartha.
Éistigh, éistigí go léir,
S' ceolaigí le chéile.
Glo....ria; Hosanna ins na harda

Ainglí, ainglí i ngach áit,
Le pléisiúr 'le haoibhneas.
Ainglí, ainglí i ngach áit,
Ag ceiliúir ins an oíche.

Tógaí', tógaigí go hard,
Le glórtha bríomhara láidre.
Tógaí', tógaigí go hard,
Na céadta míle fáilte.

A Naíonán Rí
(O Little Town of Bethlehem)

Lá fadó i gcathair Rí Dháibhí,
Tháinig naíonán ar an saol.
Rugadh é go humhal sa stábla,
Bó ‘gus asal lena thaobh.
Críost Mac Dé an leanbh caoin,
Muire ghlé a mháthair mhín.

Tháinig sé anuas ar talamh,
Rí na cruinne, Rí na sló.
Naíonán Rí ina luí sa mhainséar,
Aoirí bocht ‘ag umhlú dó.
Mian a chroí bheith linne deo,
Cónaí ‘dhéanamh linn go deo.

Tháinig sé le muid a shlánú,
Moladh glóir ‘s buíochas dó.
Uan geal Dé ar bís le grá dúinn,
Ar ár son do céasadh beo.
Ceolaimis le háthas croí,
Glóir go hard don Naíonán Rí.

Ó Oíche Mhór (O Holy Night)

Ó oíche Mhór soilsíonn na réalta gláireach...

Cúrfá:

Téigh ar do ghlúin, ó éist le glór na nAingeal

O oíche bhinn,

O oíche bhreith ár Rí,

O oíche bhinn,

O oíche bhinn.



Veni Emmanúél
(O Come O Come Emmanuel)

Cúrfá:

Déan gáirdeachas, a Iosráél, mar béarfáir duit Emmanúél.

Tar chugainn, tar ‘Emmanúél,
A’s scaoil ó ghéibheann Iosráél
Atá ar díbirt chásmhar ag caoi
Go bhfoilseofar Mac Dé arís

Tar chugainn, tar, a bheangáin Iessé,
Ó chráigh a namhaid do phobal saor,
As áibhéis Ifrinn treoraigh iad,
As uaimh an duibheagáin tabhair aníos.

Tar chugainn, a Réalt na Maidine tar,
Tabhair sólás dúinn a’s tú ag teacht,
Ó! Díbir oíche is néalta dubha
A’s uafás ciar na hoíche uainn.

Tar chugainn, a Eochair Dháibhí, tar,
A’s oscail dúinne ríocht ar Neamh,
An bealach suas réitigh dúinn slán
A’s dún na bealaí íocht’racha go brách.

Tar chugainn, tar, a Thiarna na sló,
A thug ar barra Sléibhe treoir
A’s dlí i maorgacht ‘s i réim
Don phobal dílis ‘bhí fá do réir.

Carúl Inis Córthaidh
(Wexford Carol)

Ó, tagaig' uile is adhraigí
An leanbh cneasta sa chró 'na luí,
Is cuimhnígí ar ghrá an Rí
A thug dár saoradh anocht an Naí.
'S a Mhuire Mháthair i bParrthas Dé,
Ar chlann bhocht Éabha guigh 'nois go caomh,
Is doras an chró ná dún go deo
Go n-adhram feasta Mac Muire Ógh.

I mBeithil thoir i lár na hoích'
Ba chlois an dea-scéal d'aoirí,
Go follas don saol ón spéir go binn
Bhí ainglí 'canadh ó rinn go rinn.
'Gluaisíg' go beo, dúirt Aingeal Dé,
Go Beithil sall is gheobhaidh sibh É
Na luí go séimh i mainséar féir,
Siúd É an Meisias a ghráigh an saol.



Dhá Lá Déag na Nollag **(12 Days of Christmas)**

Ar an chéad lá Nollag thug mo leannán dom
patraisc i gcrann piorraí.
Ar an dara lá Nollag thug mo leannán dom
dhá fhéarán bhreaca.
Ar an tríú lá Nollag thug mo leannán dom
trí chearc fhrancacha.
Ar an ceathrú lá Nollag thug mo leannán dom
ceithre éan ag gaoch.
Ar an cúigiú lá Nollag thug mo leannán dom
cúig fháinne óir.
Ar an séú lá Nollag thug mo leannán dom
sé ghé ag breith.
Ar an seachtú lá Nollag thug mo leannán dom
seacht n-eala ag snámh.
Ar an ochtú lá Nollag thug mo leannán dom
ochtair cailín ag bleán.
Ar an naoú lá Nollag thug mo leannán dom
naonúr ban ag damhsa.
Ar an deichiú lá Nollag thug mo leannán dom
deichniúr tiarna ag léim.
Ar an aonú lá déag Nollag thug mo leannán dom
aon pháobaire dhéag ag seinm.
Ar an dara lá déag Nollag thug mo leannán dom
dháréag drumadóir ag drumadóireacht.

Leanbán Mhuire Íosa Mary's Boy Child

Fadó fadó i mBeithlihem de réir Bhíobla Dé
Rugadh ann lá Nollag féin, Íosa Mac Dé.

Éistíg' leo, cluinigí iad inniu, tá rí úr ar an saol
Is mairfidh Dia go deo na ndeor de thairbhe seo go léir.

Bhí sréadaithe bochta 'muigh san oích' ag amharc ar réalt úr nua
Chuala siad said ceol ag teacht chucu as áit i bhfad ar shiúl.

'n oíche sin féin a bhfuil mé ag trácht uirthi,
Tháinig Iosaef agus Muire a bhean
Go Beithlihem ag iarraidh áite
Ach seomra ní bhfuair siad ann.

Éistíg' leo, cluinigí iad inniu, tá rí úr ar an saol
Is mairfidh Dia go deo na ndeor de thairbhe seo go léir.

